**Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird Pleanála maidir le Tuarascáil Lorna Lynch (SC)**

## Cúlra

Tar éis tuairiscí sna meáin i mí Aibreáin 2022 inar tarraingíodh saincheisteanna anuas maidir le coinbhleachtaí leasa féideartha, maidir le feidhmiú Bord beirte agus maidir le nósanna imeachta i ndáil le leithdháileadh cáschomhad agus leasuithe ar thuarascálacha cigirí, thug David Walsh, Cathaoirleach an Bhoird Pleanála ag an am, treoir do thriúr comhaltaí d'Fhoireann Ardbhainistíochta an Bhoird athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ('an Fhoireann Athbhreithnithe Inmheánaigh'). Scrúdaigh an Fhoireann Athbhreithnithe Inmheánaigh thart ar 300 cáschomhad ('na Cáschomhaid').

Breithníodh na saincheisteanna ar leithligh mar a leanas freisin:

- I mí na Bealtaine 2022, choimisiúnaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Remy Farrell SC chun tuairisc a thabhairt ar an dóigh a ndearna Paul Hyde, Leas-Chathaoirleach an Bhoird Pleanála ag an am, bainistiú ar choinbhleachtaí leasa agus nochtaí iomchuí i ndáil le cinntí áirithe ón mBord agus i ndáil le nithe gaolmhara ag an am sin.
- I mí an Mheithimh 2022, choimisiúnaigh David Walsh, Cathaoirleach an Bhoird Pleanála ag an am, Resolve Ireland chun imscrúdú seachtrach neamhspleách a dhéanamh ar líomhaintí áirithe a bhain le fostaí de chuid an Bhoird.
- I mí Lúnasa 2022, tharchuir an tAire Tuarascáil Remy Farrell chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.
- I mí Lúnasa 2022 freisin, chuir Oifig an Rialálaí Pleanála tús le hathbhreithniú ar chórais agus nósanna imeachta áirithe a bhí in úsáid ag an mBord Pleanála.
- Rinne an Garda Síochána imscrúdú ar na nithe a tarraingíodh anuas i dTuarascáil Remy Farrell, agus chuir sé comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Paul Hyde a chúiseamh ina dhiaidh sin i naoi scór de sháruithe ar alt 147 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ('Acht 2000').
- Mar chuid dá hathbhreithniú, d'fhoilsigh Oifig an Rialálaí Pleanála dhá thuarascáil an 4 Deireadh Fómhair 2022 agus an 20 Nollaig 2022 ina raibh roinnt cinntí agus moltaí a raibh sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseacha agus rialachais laistigh den Bhord Pleanála.
- I mí an Mheithimh 2023, phléadáil Paul Hyde ciontach sa Chúirt Dúiche in dhá scór de sháruithe ar alt 147 d'Acht 2000.

## Imscrúdú agus Tuarascáil Lorna Lynch

I mí Eanáir 2023, thug Oonagh Buckley, Cathaoirleach eatramhach an Bhoird Pleanála, treoir do Lorna Lynch SC, imscrúdaitheoir neamhspleách, imscrúdú scóipe a dhéanamh ar shé réimse rialachais. Bhí sé mar chuspóir leis an imscrúdú sin a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a bhain le comhalta Boird a tharchur chuig an Aire mar gheall ar mhí-iompar sonraithe de réir bhrí alt 106 d'Acht 2000 nó chun nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh i leith fostaí de chuid an Bhoird. Luadh sna téarmaí tagartha go mbeadh an Cathaoirleach, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil, i dteideal aon ní a tharchur chuig aon údarás reachtúil eile. Breithníodh san imscrúdú ó Lorna Lynch na gníomhartha a rinne Comhaltaí Boird agus fostaithe Boird a bhí in oifig nó a bhí fostaithe ag an am iomchuí. Áiríodh leo seo daoine aonair a d'imigh ón mBord nó a scoir de bheith ag obair don Bhord Pleanála faoin am a tosaíodh an t-imscrúdú. Is féidir na téarmaí tagartha d'imscrúdú scóipe Lorna Lynch a fháil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird.

Fuair Lorna Lynch rochtain ar raon an-leathan faisnéise. Áiríodh leis an bhfaisnéis sin cóipeanna boga de dhoiciméid ar bhailigh an Fhoireann Athbhreithnithe Inmheánaigh iad, cóipeanna crua de Cháschomhaid a ullmhaíodh idir na blianta 2017 agus 2022, agus rúin,

beartais agus comhfhreagras iomchuí de chuid an Bhoird. Sheol Lorna Lynch agallaimh le seacht nduine dhéag iomchuí. Áiríodh leo sin comhaltaí agus fostaithe reatha an Bhoird agus iarchomhaltaí agus iarfhostaithe an Bhoird araon. Seoladh an chéad agallamh ag deireadh mhí Aibreáin 2023, agus seoladh an ceann deireanach ag deireadh mhí Feabhra 2024.

Is í Lorna Lynch a chinn an mhodheolaíocht don imscrúdú scóipe. Chuige sin, rinne sí réamhanailís ar na cásanna ar shainaithin an Fhoireann Athbhreithnithe Inmheánaigh iad. Tar éis di modheolaíocht na Foirne Athbhreithnithe Inmheánaigh a athbhreithniú agus caidreamh a dhéanamh leis an bhFoireann, leag Lorna Lynch paraiméadair síos do na Cáschomhaid iomchuí lena mbreithniú mar chuid den imscrúdú scóipe.

Sa tuarascáil arb é atá inti Cuid 1 d'imscrúdú scóipe Lorna Lynch ('Tuarascáil Lorna Lynch'), cuirtear in iúl go soiléir nárbh é scóip na Tuarascála cinntí críochnaitheacha a dhéanamh maidir le cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh comhalta Boird. Ina ionad sin, ba é scóip na Tuarascála measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh sáruithe ann ar Chód Iompair an Bhoird, nó cé acu a bhí nó nach raibh gníomhartha nó neamhghníomhartha eile ann nach raibh de chineál beag nó fánach, a bhí dóthanach chun an ní a tharchur chuig an Aire lena mbreithniú maidir le cé acu ab ionann nó nárbh ionann iad agus mí-iompar sonraithe. Mar an gcéanna, níorbh é scóip na Tuarascála cinntí críochnaitheacha a dhéanamh maidir le haon sárú araíonachta ag fostaí de chuid an Bhoird. Ina ionad sin, ba é scóip na Tuarascála measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh forais dhóthanacha ann chun nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh in aghaidh fostaí den sórt sin.

Ó fuair an Cathaoirleach Tuarascáil Lorna Lynch, tugadh faoi líon beag imscrúduithe breise thar ceann Chathaoirleach an Bhoird i ndáil le conclúidí sonracha atá sa tuarascáil.

Fuair an Cathaoirleach comhairle dlí inar moladh dó gan an tuarascáil iomlán a fhoilsiú. Cé gur chinn an Cathaoirleach gan an tuarascáil iomlán a fhoilsiú dá réir sin, chinn sé go bhfuil sé chun leas an phobail achoimre a fhoilsiú ar na príomhchinntí mar a leanas.

## Achoimre ar na Conclúidí ar Thángthas Orthu

### 1. Coinbhleachtaí Leasa agus Claontacht Iarbhír nó Oibiachtúil

Rinne Lorna Lynch athbhreithniú ar 175 cinn de na Cáschomhaid chun a shuí cé acu a bhí nó nach raibh aon choinbhleachtaí leasa agus aon chlaontacht iarbhír nó oibiachtúil ann. Agus é sin á dhéanamh aici, thug sí an-aird ar an gCód Iompair a d'fhoilsigh an Bord sa bhliain 2011 agus ar roinnt leaganacha den treoir do chomhaltaí Boird maidir le "Srianta i ndáil le Sannadh Comhad" a eisíodh idir na blianta 2018 agus 2020. Tá cineál na nithe a imscrúdaíodh achoimrithe mar a leanas:

a) An ról a bhí ag Comhalta Boird mar chinnteoir maidir le roinnt iarratas pleanála ar ina leith a bhí caidreamh teaghlaigh aige le stiúrthóir ar chuideachta a raibh baint aici le gnéithe den iarratas.
b) An ról a bhí ag an gComhalta Boird céanna mar chinnteoir maidir le hachomharc pleanála a fuarthas ó ghaol leis an gcomhalta Boird sin.
c) An ról a bhí ag an gComhalta Boird céanna maidir le hachomharc pleanála a fuarthas ó chuideachta a bhí á reáchtáil ag iar-Chomhalta Boird.
d) An ról a bhí ag Comhalta Boird maidir le Cáschomhaid, i gcás go raibh leas aige i gcuideachta ar líomhnaíodh go raibh baint aici le hiarratasóirí pleanála nó lena ngníomhairí.
e) An ról a bhí ag Comhalta Boird maidir le roinnt Cáschomhad a bhain le forbairt ag seoltaí a bhí i gcóngaracht gheografach dá bhaile.
f) An ról a bhí ag fostaí de chuid an Bhoird maidir le comhairliúcháin réamhiarratais a bhain

le hiarratais a fuarthas ó chuideachta gníomhairí, ar a raibh iarchéile de chuid an fhostaí sin ina stiúrthóir.

g) An ról a bhí ag fostaí de chuid an Bhoird maidir le Tuarascáil Cigire a ullmhú ar Cháschomhad a bhain le forbairt ag seoladh a bhí i gcóngaracht gheografach dá bhaile.

h) An ról a bhí ag Comhalta Boird mar chinnteoir maidir le Cáschomhaid a bhain le forbairt ag seoltaí i limistéar geografach a bhí ar liosta srianta/leithdháileacháin an Bhoird don chomhalta Boird sin.

Maidir le nithe a) go h), tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh na gComhaltaí Boird nó chun ceanglas a chur ar an gCathaoirleach nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh in aghaidh na bhfostaithe Boird a bhí i gceist, de réir mar ab infheidhme. Maidir le ní d) thuas, tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise ann sna Cáschomhaid a imscrúdaíodh ar aon tagairt dhíreach don chuideachta a bhí i gceist ná ar aon ról a bheith ag an gcuideachta sin.

i) An ról a bhí ag Comhalta Boird mar chinnteoir maidir le hiarratas pleanála ar thailte a bhí cóngarach do thailte eile ar líomhnaíodh go raibh leas airgid nó tairbhiúil ag an gComhalta Boird iontu tráth a rinneadh cinneadh ar an achomharc.

Maidir le ní i), tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird a bhí i gceist. Maidir le gné amháin de i), rinne Lorna Lynch cinneadh coinníollach maidir le dáileacht talún a bhí faoi úinéireacht ag cuideachta ar ina leith a bhí duine amháin de na stiúrthóirí ina bhall teaghlaigh le comhalta Boird. Ghlac an comhalta Boird sin páirt i bpróiseas cinnteoireachta de chuid an Bhoird i leith forbairt tithíochta ar láithreán atá cóngarach don dáileacht talún sin. Ba é an cinneadh coinníollach ná go mbeadh forais dhóthanacha ann chun an ní a tharchur chuig an Aire dá mbeadh an dáileacht talún faoi úinéireacht ag an gcuideachta tráth an chinnidh. Tar éis Tuarascáil Lorna Lynch a fháil, agus ag éirí as an gcinneadh coinníollach a rinneadh, rinne an Cathaoirleach athbhreithniú ar na doiciméid a bhí ar fáil don phobal trí Chlárlann na Talún, inar tugadh le fios gurbh fhéidir go raibh an dáileacht talún faoi úinéireacht ag an gcuideachta tráth a rinne an Bord an cinneadh maidir leis an láithreán cóngarach. Fuair an Cathaoirleach doiciméid bhreise ó aturnae an Chomhalta Boird ina dhiaidh sin, agus is deimhin leis an gCathaoirleach anois nach raibh an dáileacht talún faoi úinéireacht ag an gcuideachta tráth a rinne an Bord an cinneadh maidir leis an láithreán cóngarach. Ar an mbonn sin, tháinig an Cathaoirleach ar an gconclúid nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird.

Le Cód Iompair reatha an Bhoird, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023, treisítear go mór leis na forálacha a bhaineann le coinbhleachtaí leasa féideartha. Más rud é go dtiocfaidh cás chun cinn sa todhchaí ina mbeidh ról ag comhalta Boird maidir le cinneadh a dhéanamh ar chomhad a dhéanann difear do dháileacht talún a bhí faoi úinéireacht le déanaí (seachas atá faoi úinéireacht reatha) ag ball teaghlaigh leis an gcomhalta, creideann an Cathaoirleach go mbeifear ag súil leis go dtarraingeoidh an comhalta Boird é sin anuas mar choinbhleacht leasa fhéideartha agus nach nglacfaidh an comhalta sin páirt i gcás den sórt sin a chinneadh nó, ar a laghad, go n-iarrfaidh an comhalta sin ar an gCathaoirleach rialú a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart dó páirt a ghlacadh sa chinneadh, ag féachaint don chur chuige réamhchúraim atá leagtha amach i gCód Iompair reatha an Bhoird.

j) An ról a bhí ag Comhalta Boird mar chinnteoir maidir le Cáschomhaid, i gcás gur

líomhnaíodh go raibh caidreamh pearsanta aige le fostaí amháin nó níos mó de chuid an Bhoird a bhí ag obair ar na Cáschomhaid sin freisin.

Maidir le ní j), tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird a bhí i gceist. Maidir le gné amháin de j), rinne Lorna Lynch cinneadh coinníollach a bhí ag brath ar thréimhse an chaidrimh a bhí i gceist. Rinne an Cathaoirleach breithniú ar an gcinneadh coinníollach sin, agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil forais dhóthanacha ann chun an ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird ar an mbonn nach bhfuil an Cathaoirleach in ann an ní a imscrúdú a thuilleadh agus nach bhfuil an Comhalta Boird a bhí i gceist ina chomhalta den Bhord Pleanála a thuilleadh.

Déantar i gCód Iompair reatha an Bhoird foráil do chaidrimh áirithe a nochtadh ar bhonn rúnda nó ar bhonn riachtanais eolais ionas gur féidir aon mhaoluithe riachtanacha chun coinbhleacht leasa agus/nó an chuma atá air go bhfuil claontacht oibiachtúil ann a chosc a chur chun feidhme i leith nithe gnó oibriúcháin. Measann an Cathaoirleach gur féidir an chuma a bheith air go bhfuil claontacht oibiachtúil ann más rud é go bhfuil ról ag Comhalta Boird maidir le cinneadh a dhéanamh ar chomhaid ar ar oibrigh fostaí de chuid an Bhoird lena raibh caidreamh pearsanta ag an gComhalta Boird sin. Leis an gCód Iompair reatha, soláthraítear sásra cuí chun saincheisteanna den sórt sin a bhainistiú.

Féach thíos na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh faoi Rannán 1.

## 2. Dearbhuithe Reachtúla faoi alt 147 agus alt 148 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

Le halt 147 d'Acht 2000, ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar fhostaithe dearbhuithe bliantúla a dhéanamh maidir le leasanna áirithe i dtalamh nó le haon ghnó arb é atá ann déileáil i dtalamh nó talamh a fhorbairt. Le halt 148 d'Acht 2000, ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar fhostaithe aon leas airgid nó aon leas tairbhiúil eile in aon ní a bheidh le cinneadh ag an mBord, nó atá ábhartha d'aon ní a bheidh le cinneadh ag an mBord, a dhearbhú.

Rinne Lorna Lynch breithniú ar chóipeanna crua de dhearbhuithe alt 147 agus alt 148 ar chomhlánaigh comhaltaí Boird agus daoine aonair eile iad, lenar áiríodh dearbhuithe i ndáil leis na nithe seo a leanas:

a) An leas a bhí ag Comhalta Boird i gcuideachta.
b) An leas a bhí ag iarchéile le fostaí de chuid an Bhoird i gcuideachta.

Tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sna cásanna thuas, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird nó chun ceanglas a chur ar an gCathaoirleach nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh in aghaidh an fhostaí Boird a bhí i gceist, de réir mar ab infheidhme.

Rinne Lorna Lynch breithniú freisin ar chóipeanna crua de dhearbhuithe alt 147 agus alt 148 ar chomhlánaigh Comhalta Boird eile iad. Ar an mbonn gur ciontaíodh an comhalta Boird sin sa Chúirt Dúiche in dhá scór de dhearbhuithe bréagacha nó míthreoracha a dhéanamh faoi alt 147, tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid go raibh forais dhóthanacha ann chun an ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird. Ar leithligh ón bpróiseas coiriúil, agus ar bhonn tailte áirithe a bheith faoi úinéireacht ag an gComhalta Boird agus ar bhonn mhainneachtain

an Chomhalta Boird an úinéireacht sin a dhearbhú ar dhearbhuithe alt 147 sular díoladh na tailte sin, tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid go raibh forais dhóthanacha ann chun an ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh an Chomhalta Boird. Níl an Comhalta Boird a bhí i gceist ina chomhalta den Bhord Pleanála a thuilleadh. Dá bhrí sin, níl aon fhiúntas ag baint leis an ní a tharchur chuig an Aire lena bhreithniú faoi alt 106(15) d'Acht 2000.

<u>Féach thíos na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh faoi Rannán 2.</u>

### 3. Comhaid a Leithdháileadh ar Chigirí agus ar Chomhaltaí Boird

Rinne Lorna Lynch imscrúdú ar shaincheisteanna a bhain leis an bpróiseas a bhí ar bun ag an mBord chun Cáschomhaid a leithdháileadh ar Chigirí agus ar Chomhaltaí Boird, go háirithe líomhaintí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

a) An dóigh ar leithdháil Comhalta Boird comhaid ar fhostaí de chuid an Bhoird ar líomhnaíodh go raibh caidreamh pearsanta ag an gComhalta leis.
b) An dóigh ar leithdháileadh gach iarraidh ar éisteacht ó bhéal idir mí Iúil 2019 agus mí na Nollag 2022 ar an gComhalta Boird céanna ar an gcéad ásc.
c) An dóigh ar mhainnigh an Comhalta Boird céanna gluaiseacht comhaid a rianú.

Tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sna cásanna thuas, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh na gComhaltaí Boird a bhí i gceist. Rud sonrach, tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sna cásanna thuas, a bhí fianaise ann go raibh an méid seo a leanas fíor i gcás an chomhalta Boird a bhí i gceist: a) ní raibh aon ról aige maidir le comhaid a leithdháileadh ar aon Chigire ar leith; b) ní dhearna sé cinneadh ar gach iarraidh ar éisteacht ó bhéal ná ar a bhformhór; agus c) níor chloígh sé leis an bpróiseas cuí maidir le gluaiseacht comhaid amháin ar leith a rianú, rud nach raibh sásúil ach nár tharla ach uair amháin.

<u>Féach thíos na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh faoi Rannán 3.</u>

### 4. Boird Bheirte a Úsáid

Rinne Lorna Lynch imscrúdú ar shaincheisteanna a bhain le cinntí ó Bhoird bheirte a úsáid idir na blianta 2018 agus 2022 a mhéid a bhain siad leis na nithe seo a leanas:

a) Aimhrialtacht staitistiúil inar léiríodh gurbh é meascán sonrach de bheirt Chomhaltaí Boird a rinne líon an-suntasach de na cinntí ó Bhoird bheirte.
b) Aimhrialtacht staitistiúil inar léiríodh gurbh é meascán sonrach de bheirt Chomhaltaí Boird a rinne an cinneadh ar fhormhór mór na gcomhad maidir le crainn teileachumarsáide agus gur mhó an méid a cealaíodh na moltaí ó chigirí chun cead a dhiúltú i gcás na gcomhad sin ná i gcás comhaid eile.
c) Comhaltaí Boird a bheith páirteach i gCinntí ó Bhoird bheirte ar ina leith a bhí Cinntí ó Bhoird triúir ag teastáil (lenar áiríodh forbairtí tithíochta a raibh 30 aonad nó níos mó iontu, forbairtí tithíochta straitéiseacha agus forbairtí bonneagair straitéisigh).

Tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sna cásanna thuas, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh na gComhaltaí Boird a bhí i gceist. I ndáil leis na cinntí maidir le crainn teileachumarsáide, luaigh Lorna Lynch nárbh inmhianaithe a bhí an leibhéal aimhrialtachta staitistiúla ach gur bhraith sí

ar an bhfianaise a fuarthas ó Chomhalta Boird amháin á rá go raibh athrú beartais ann a d'fhág go raibh sé tábhachtach bonneagar crann fón póca a bheith ann, nuair ab fhéidir.

<u>Féach thíos na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh faoi Rannán 4.</u>

**5. Leasuithe ar Thuarascálacha Cigirí**

Rinne Lorna Lynch imscrúdú ar shaincheisteanna a bhain le leasuithe ar thuarascálacha Cigirí tar éis Cáschomhad a sheoladh chuig an mBord lena bhreithniú aige, a mhéid a bhain siad leis na nithe seo a leanas:

a) Iarrataí ar leasuithe/soiléirithe ar thuarascálacha Cigirí a cuireadh in iúl ó bhéal idir Comhaltaí Boird agus Cigirí.
b) Iarrataí ar leasuithe/soiléirithe ar thuarascálacha Cigirí a cuireadh in iúl ó bhéal idir Comhaltaí Boird agus lucht bainistíochta na Cigireachta agus, dá réir sin, an chumarsáid idir na daoine sin agus Cigirí, go háirithe cé acu a bhí nó nach raibh aon bhrú ann ar Chigirí moladh a athrú.

Tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sna cásanna thuas, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ní a tharchur chuig an Aire chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar sonraithe ann ar thaobh na gComhaltaí Boird a bhí i gceist nó chun ceanglas a chur ar an gCathaoirleach nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh in aghaidh an fhostaí Boird a bhí i gceist i gcás mhír b) thuas, de réir mar ab infheidhme.

<u>Féach thíos na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh faoi Rannán 5.</u>

**6. Cumarsáid le Páirtithe Seachtracha lasmuigh de Bhealaí Foirmiúla Reachtúla nó de Bhealaí Riaracháin**

Ar deireadh, rinne Lorna Lynch imscrúdú ar shaincheisteanna a bhain le cumarsáid le páirtithe seachtracha lasmuigh de bhealaí foirmiúla reachtúla nó de bhealaí riaracháin, a mhéid a bhain siad leis na nithe seo a leanas:

a) An dóigh a ndearna fostaí de chuid an Bhoird ráitis faoi chomhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird le linn seimineár Gréasáin.

Tháinig Lorna Lynch ar an gconclúid gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sa chás thuas, nach raibh forais dhóthanacha ann chun ceanglas a chur ar an gCathaoirleach nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh in aghaidh an fhostaí Boird a bhí i gceist.

<u>Féach thíos na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh faoi Rannán 6.</u>

**<u>Conclúid</u>**

Ní thuairiscítear i dTuarascáil Lorna Lynch aon fhoras a bhaineann le comhalta Boird reatha atá dóthanach chun é a tharchur chuig an Aire lena bhreithniú. Ní thuairiscítear inti ach oiread aon fhoras a bhaineann le haon fhostaí reatha ná aon iarfhostaí de chuid an Bhoird atá dóthanach chun nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh. Tagtar ar an gconclúid sa Tuarascáil go raibh forais ann chun ní amháin a tharchur chuig an Aire mar gheall ar mhí-iompar sonraithe. Baineann an ní sin le duine atá ina iarchomhalta Boird anois.

Bhí tuarascáil eile ar áireamh sna téarmaí tagartha do Thuarascáil Lorna Lynch. Tugtar "Cuid 2" ar an tuarascáil sin. Ba é ab aidhm don tuarascáil sin breithniú a dhéanamh ar na moltaí a rinne Oifig an Rialálaí Pleanála, a mhéid a bhain siad leis na nithe a breithníodh i gCuid 1

d’imscrúdú scóipe Lorna Lynch. Bhí sé i gceist le “Cuid 2” tuairisc a thabhairt don Chathaoirleach ar cé acu atá nó nach bhfuil aon bhearta atá de bhreis orthu sin atá sainaitheanta sna tuarascálacha ó Oifig an Rialálaí Pleanála ag teastáil chun aon riosca d’ionracas agus cothroime phróisis chinnteoireachta an Bhoird amach anseo a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá an Bord ag obair go dlúth le hOifig an Rialálaí Pleanála le 24 mhí anuas chun moltaí na n-athbhreithnithe ón Aire agus ó Oifig an Rialálaí Pleanála a chur chun feidhme. Tugadh coimircí suntasacha nós imeachta agus rialachais isteach sa tréimhse sin. Tháinig athruithe suntasacha ar phearsanra an Bhoird ar leibhéal an Bhoird agus ar leibhéal na hardbhainistíochta araon freisin. Nuair a thosófar na forálacha iomchuí, tabharfar isteach leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, athstruchtúrú corparáideach agus rialachais sa Bhord (nó sa Choimisiún). Áireofar leis sin Príomhoifigeach Feidhmiúcháin lánaimseartha, Bord Rialaithe nua agus Coimisinéirí pleanála lánaimseartha. Ar na cúiseanna sin, tháinig an Cathaoirleach ar an gconclúid nach bhfuil Cuid 2 ag teastáil a thuilleadh, toisc gurb é an toradh a bheidh ar na bearta agus ar na hathruithe reachtacha sin ná ionracas agus cothroime phróisis chinnteoireachta an Bhoird (nó an Choimisiúin) a fheabhsú agus a choimirciú.

## Na gníomhartha a rinne an Bord maidir le nithe a imscrúdaíodh i Rannáin 1 go 6 thuas

| Rannán | Na gníomhartha a rinne an Bord (faoi threoir na Moltaí ó Oifig an Rialálaí Pleanála i dTuarascálacha Chéim 1 (C1) agus Chéim 2 (C2)) |
|---|---|
| 1. Coinbhleachtaí Leasa agus Claontacht Iarbhír nó Oibiachtúil | **<u>Moladh C1(5a)</u>** – *Ba cheart don Bhord Pleanála Aonad nua Rialachais, Eitice agus Comhlíonta a bhunú chun a chreat eitice a fhorbairt agus a fhormhaoirsiú. Ba cheart duine aonair sinsearach a bhfuil an taithí chuí aige/aici, a thuairisceodh go díreach don Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus don Chathaoirleach, a cheapadh mar Oifigeach Eitice chun an tAonad nua a stiúradh.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Bunaíodh Feidhm Rialachais, Eitice agus Comhlíonta agus ceapadh beirt Oifigeach Shinsearacha Riaracháin chuici. Is é an tOifigeach Eitice/an Rúnaí Boird duine amháin díobh agus is é an tOifigeach Rialachais agus Comhlíonta an duine eile, a dhéanfaidh faireachán ar chomhlíonadh na nósanna imeachta inmheánacha agus na mbeartas inmheánach agus a dhéanfaidh faireachán sonraí.<br><br>**<u>Moladh C1(5b)</u>** – *Le linn dó a Chód Iompair reatha a athbhreithniú agus a nuashonrú, ba cheart don Bhord Pleanála dóthain treoir gan débhrí (atá bunaithe ar threoirphrionsabail atá luaite sa tuarascáil seo) a sholáthar chun a chur ar chumas gach duine aonair breithniú a dhéanamh ar aon nithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhchlaontacht nó don dearcadh i leith a neamhspleáchais, i ndáil leis na dualgais a chomhlíonann siad.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Ghlac an Bord cód iompair nua ag deireadh mhí Iúil 2023. Cuireadh in iúl é don fhoireann agus tosaíodh an cód nua i mí Mheán Fómhair 2023.<br><br>**<u>Moladh C1(6)</u>** – *Á thabhairt faoi deara gur cuireadh próiseas i bhfeidhm le déanaí, ba cheart don Bhord Pleanála leanúint le forbairt a dhéanamh ar a nósanna imeachta le haghaidh a chinntiú go gcuirfear na comhaltaí boird ar an eolas roimh ré faoi na príomh-mhionsonraí de chásanna agus, dá réir sin, go mbeidh siad ar an eolas faoi na coinbhleachtaí leasa féideartha uile sula ndéanfaí cinntí. Ba cheart an nós imeachta níos beaichte sin a chur ar bhonn foirmiúil mar nós imeachta glactha i scríbhinn.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá doiciméad an nós imeachta i scríbhinn i bhfeidhm ó bhí mí an Mhárta 2024 ann<br><br>**<u>Moladh C1(7)</u>** – *De réir alt 111(5) d'Acht 2000, moltar go nglacfadh an Bord Pleanála nós imeachta cinnteoireachta i scríbhinn a bheadh bunaithe ar na treoirphrionsabail atá leagtha amach i gCuid 5 den tuarascáil seo.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá an Bord ag leanúint na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal "Nósanna Imeachta Cinnteoireachta i Scríbhinn" a tugadh chun críche i mí an Mhárta 2024<br><br>**<u>Moladh C1(8)</u>** – Ba cheart don Bhord Pleanála scor den chleachtas ginearálta arb éard é go bhfuil freagracht ar chomhalta boird as cáschomhad a chur i láthair ag cruinniú boird. Ba cheart próiseas trína leithdháiltear cáschomhad ar chigire nó ar dhuine atá tarmligthe go cuí a chur in ionad an chleachtais sin. Cuirfidh an duine sin na mionsonraí cáschomhaid iomchuí ó thuarascáil an chigire agus na moltaí gaolmhara i láthair ag an gcruinniú de chuid an bhoird.<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Cuireann cigirí ábhar i láthair ar chineálacha áirithe cáis, amhail cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh go háirithe agus roinnt cásanna Forbartha Cónaithe Mórscála. Tá prótacal i bhfeidhm i ndáil leis sin. Níl sé de rún ag an mBord go gcuirfeadh Cigirí ábhar i láthair an Bhoird i ngach cás toisc nach meastar gur úsáid mhaith as am na gCigirí/na gcomhaltaí Boird í sin.<br><br>**<u>Moladh C2(7)</u>** – *Ba cheart don Bhord Pleanála feabhas a chur ar na taifid a choimeádann sé ar chruinnithe boird, lena n-áirítear torthaí cinnteoireachta. Ba cheart* |

| | |
|---|---|
| | *taifeadadh aon choinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a tarraingíodh anuas i ndáil le cáschomhad a bheith ar áireamh leis sin, is cuma cé acu a chinn nó nár chinn cathaoirleach an chruinnithe sin go raibh coinbhleacht ann, agus ba cheart deimhniú a bheith ar áireamh ann á rá go bhfuil an córam íosta cuí i bhfeidhm le haghaidh an cháschomhaid atá faoi réir cinnidh. Ba cheart don fhoireann tacaíochta rúnaíochta cheaptha seiceáil cáilíochta a dhéanamh ar thaifid cruinnithe ar bhonn tráthrialta chun a chinntiú go gcuirfear na mionsonraí uile ar áireamh:-*<br><br>An Gníomh ón mBord Pleanála – Tá ag an gcód iompair athbhreithnithe forálacha breise maidir le coinbhleachtaí leasa a thaifeadadh i gcás go dtiocfadh siad chun cinn ag cruinniú. Tá siad ina gcuid de na nósanna imeachta cinnteoireachta i scríbhinn freisin. Dualgas a bheidh ar an bhfoireann tacaíochta rúnaíochta mhéadaithe is ea seiceáil cáilíochta a dhéanamh. |

| | |
|---|---|
| 2. Dearbhuithe Reachtúla faoi alt 147 agus alt 148 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 | **Moladh C1(5a)** – *Ba cheart don Bhord Pleanála Aonad nua Rialachais, Eitice agus Comhlíonta a bhunú chun a chreat eitice a fhorbairt agus a fhormhaoirsiú. Ba cheart duine aonair sinsearach a bhfuil an taithí chuí aige/aici, a thuairisceodh go díreach don Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus don Chathaoirleach, a cheapadh mar Oifigeach Eitice chun an tAonad nua a stiúradh.*<br><br>• An Gníomh ón mBord Pleanála – Bunaíodh Feidhm Rialachais, Eitice agus Comhlíonta agus ceapadh beirt Oifigeach Shinsearacha Riaracháin chuici. Is é an tOifigeach Eitice/an Rúnaí Boird duine amháin díobh agus is é an tOifigeach Rialachais agus Comhlíonta an duine eile, a dhéanfaidh faireachán ar chomhlíonadh na nósanna imeachta inmheánacha agus na mbeartas inmheánach agus a dhéanfaidh faireachán sonraí.<br><br>**Moladh C2(5)** – *Chun méid mór muiníne i measc an phobail as cuibheas chinnteoireacht an Bhoird Pleanála ar nós cúirte a threisiú, ba cheart do gach comhalta boird (nó do gach coimisinéir), ar dhul i mbun oifige dóibh, dearbhú a shíniú á rá go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go dílis, go hionraic agus go neamhchlaonta, beag beann ar an duine, agus a mhéid is fearr is féidir leo agus a thuigeann siad. Ba cheart an dearbhú sin a bheith bunaithe ar fhoclaíocht atá le cinneadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ba cheart feidhm chomhionann a bheith ag an oibleagáid fhoirmiúil sin maidir le comhaltaí boird atá ann cheana, maidir leo siúd atá le ceapadh ar bhonn sealadach agus maidir le gach duine a cheapfar sa todhchaí.*<br><br>• An Gníomh ón mBord Pleanála – Tá sé sin mar chuid de théarmaí agus coinníollacha an róil mar chomhalta Boird atá le cur chun feidhme ag an Roinn. |

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Comhaid a Leithdháileadh ar Chigirí agus ar Chomhaltaí Boird | **<u>Moladh C1(7)</u>** – *De réir alt 111(5) d'Acht 2000, moltar go nglacfadh an Bord Pleanála nós imeachta cinnteoireachta i scríbhinn a bheadh bunaithe ar na treoirphrionsabail atá leagtha amach i gCuid 5 den tuarascáil seo:-*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá an Bord ag leanúint na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal "Nósanna Imeachta Cinnteoireachta i Scríbhinn".<br><br>**<u>Moladh C2(3)</u>** – *Chun tacú le feidhm reachtúil an Chathaoirligh maidir le socruithe a dhéanamh le haghaidh sceidealú cuí na cásoibre do chruinnithe an bhoird, ba cheart don Bhord Pleanála, a luaithe a cheadaítear leis na forálacha reachtacha, ball foirne a bhfuil an tsinsearacht chuí aige/aici a cheapadh chun cásobair den sórt sin a leithdháileadh ar chomhaltaí boird, agus aitheantas reachtúil agus cosaint reachtúil á dtabhairt don duine sin a fhágann nach mór dó/di prionsabail na cothroime, an chomhionannais agus na neamhchlaontachta a leanúint le linn dó/di an cúram sin a ghabháil de láimh. Ba cheart don duine ceaptha a bheith faoi threoir ag prótacal, atá le forbairt ag an mBord Pleanála, ina leagfar amach na tosca atá mar bhonn eolais faoi chur i bhfeidhm na bprionsabal sin (lena n-áirítear an inmhianaitheacht a bhaineann le leithdháileadh sealaíochta cásanna). Ba cheart an prótacal a fhoilsiú agus ba cheart foráil a dhéanamh i socruithe faoin Aonad nua Rialachais, Eitice agus Comhlíonta chun cosaint a sholáthar do neamhspleáchas an róil sin agus chun samhail géaraithe a sholáthar má dhéantar agóid:-*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Is leagtha amach sna nósanna imeachta i scríbhinn atá an prótacal le haghaidh comhaid a leithdháileadh ar na comhaltaí Boird agus tá ball foirne riaracháin sannta don chúram sin.<br><br>**<u>Moladh C2(13)</u>** – *Chun méid mór muiníne i measc an phobail as cuibheas an tsannta cásanna pleanála ar chigirí a threisiú, ba cheart don Bhord Pleanála dualgais a shannadh (nó leanúint le dualgais a shannadh) do bhaill foirne fhostaithe mar chomhordaitheoirí limistéir chun dualgais an leithdháileacháin cásanna ar chigirí a ghabháil de láimh, agus prionsabail na cothroime, an chomhionannais agus na neamhchlaontachta á leanúint. Ba cheart prótacal a fhorbairt freisin chun na comhordaitheoirí limistéir sannta a threorú maidir le cur i bhfeidhm na bprionsabal sin (lena n-áirítear an inmhianaitheacht a bhaineann le leithdháileadh sealaíochta cásanna). Ba cheart an prótacal a fhoilsiú agus ba cheart foráil a dhéanamh i socruithe faoin Aonad nua Rialachais, Eitice agus Comhlíonta chun cosaint a sholáthar do neamhspleáchas an róil sin agus chun samhail géaraithe a sholáthar má dhéantar agóid.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá doiciméad an nós imeachta i scríbhinn i bhfeidhm ó bhí mí an Mhárta 2024 ann |
| 4. | Boird Bheirte a Úsáid | **<u>Moladh C1(3)</u>** – *Ba cheart deireadh a chur leis an gcleachtas arb éard é go n-úsáidtear córaim bheirte den bhord chun cinntí a dhéanamh agus ba cheart an méid sin a thabhairt i bhfeidhm go foirmiúil le rún ó bhord an Bhoird Pleanála.*<br>*Ina theannta sin, chun a chinntiú go gcuirfear deireadh leis an gcleachtas go críochnaitheach, ba cheart don Aire breithniú a dhéanamh ar dheireadh a chur go buan leis na forálacha iomchuí d'fho-ailt 108(1A) go 108(1D) d'Acht 2000 trí bhíthin leasú reachtach.* |

| | |
|---|---|
| | • <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Níl aon chóraim bheirte ceadaithe ó bhí mí Aibreáin 2023 ann<br><br>**<u>Moladh C1(4)</u>** – *Ba cheart a ordú gurbh amhlaidh, i gcás go mbeidh bord an Bhoird Pleanála ag a líon iomlán, a cheanglófaí córam íosta de chúigear comhaltaí boird chun cinntí a dhéanamh ar na catagóirí seo a leanas de chásanna pleanála: (i) Forbairt Tithíochta Straitéiseach; (ii) Forbairt Bonneagair Straitéisigh; (iii) Forbairt Chónaithe Mhórscála; agus (iv) aon achomhairc a bhaineann le Criosanna Forbartha Straitéisí a dhéanamh nó a bhaineann le leasuithe orthu sin*:-<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá an Bord tiomanta dá chinntiú go mbreithneofar na cinntí uile ar gach cás ag comhdhéanamh cuí comhaltaí Boird. Féadfar gach cás suntasach bonneagair straitéisigh a chinneadh ag Bord iomlán freisin agus féadfaidh gach Bord géarú chuig comhdhéanamh níos mó, más gá, de réir dhoiciméad na nósanna imeachta i scríbhinn. Tá an Bord tiomanta don reachtaíocht a chomhlíonadh, rud a d'fhéadfadh comhdhéanamh na mBord a rialú i gcásanna áirithe. Gabhann an Bord air féin freisin faireachán tráthrialta a dhéanamh ar shonraí faoi chinntí ar chásanna a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh an Bhoird, le cealú tuarascálacha cigirí agus le patrúin ghinearálta chinnteoireachta.<br><br>**<u>Moladh C1(5a)</u>** – *Ba cheart don Bhord Pleanála Aonad nua Rialachais, Eitice agus Comhlíonta a bhunú chun a chreat eitice a fhorbairt agus a fhormhaoirsiú. Ba cheart duine aonair sinsearach a bhfuil an taithí chuí aige/aici, a thuairisceodh go díreach don Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus don Chathaoirleach, a cheapadh mar Oifigeach Eitice chun an tAonad nua a stiúradh:-*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Bunaíodh Feidhm Rialachais, Eitice agus Comhlíonta agus ceapadh beirt Oifigeach Shinsearacha Riaracháin chuici. Is é an tOifigeach Eitice/an Rúnaí Boird duine amháin díobh agus is é an tOifigeach Rialachais agus Comhlíonta an duine eile, a dhéanfaidh faireachán ar chomhlíonadh na nósanna imeachta inmheánacha agus na mbeartas inmheánach agus a dhéanfaidh faireachán sonraí. |
| 5. Leasuithe ar Thuarascálacha Cigirí | **<u>Moladh C2(8)</u>** – *Ba cheart don Bhord Pleanála socruithe foirmiúla a fhorbairt, rud a léireofar i bprótacal nua, chun rialáil a dhéanamh ar na nithe eatramhacha nó na réamhnithe a bhféadfadh gur ghá iad a bhreithniú roimh sheoladh na dtuarascálacha cigirí chuig cruinnithe an bhoird. Leis an bprótacal, deimhneofar nósanna imeachta, lena n-áireofar an bealach a ndéanfar cinntí den sórt sin a dhoiciméadú agus a thaifeadadh ar an gcomhad pleanála agus an raon cúiseanna ar ina leith a fhéadfaidh cigire rialú a iarraidh ón mbord i ndáil le nithe den sórt sin (e.g., i ndáil le scóipeáil faoi Threoracha Eorpacha nó le catagóiriú faoi fhorálacha bonneagair straitéisigh, etc.).*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Rinneadh nósanna imeachta i scríbhinn/lámhleabhair i scríbhinn a fhorbairt agus a ghlacadh ar leibhéal na Cigireachta agus ar leibhéal an Bhoird araon.<br><br>**<u>Moladh C2(9)</u>** – *Chun méid mór muiníne i measc an phobail as ionracas an phróisis cinnteoireachta a threisiú, ní mór a chur in iúl go follasach sa Chód Iompair nuashonraithe ón mBord Pleanála agus sna lámhleabhair foirne/nós imeachta iomchuí cé chomh tábhachtach agus atá línte soiléire trédhearcacha cumarsáide idir comhaltaí boird agus cigirí pleanála (lena n-áirítear a mbainisteoirí) i ndáil le haon chásanna pleanála atá beo.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Léirítear é sin sa leagan nuashonraithe den chód iompair.<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tháinig coiste idirchaidrimh an Bhoird le chéile gach dhá mhí agus tiocfaidh sé le chéile gach dhá mhí agus beidh sé ar an ardán foirmiúil cumarsáide idir an Bord agus an Chigireacht. Beidh idir bhainisteoirí agus chomhaltaí den Chigireacht ar an gcoiste sin chun plé oscailte cuiditheach a chumasú. Cuirfear torthaí in iúl don Chigireacht ar fad ag a cruinniú míosúil. |

| | |
|---|---|
| | **<u>Moladh C2(10)</u>** – *Ba cheart don Bhord Pleanála córais riaracháin a chur i bhfeidhm chun gurbh amhlaidh, maidir le haon iarrataí ó chruinnithe boird lena n-iarrtar mionsonraí breise, míniú, tuilleadh faisnéise nó breithniú eile, ba cheart iad a dhéanamh le hordachán i bhformáid fhorordaithe don chigire ina leagfar amach mionsonraí na hiarrata agus an t-amscála le haghaidh freagra a thabhairt. Maidir le haon ordachán den sórt sin, agus leis an bhfreagra air, lena n-áireofar aguisín nó tuarascáil sheolta leasaithe, ba cheart iad a thaifeadadh agus a bheith ar fáil don phobal ar an gcáschomhad.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá doiciméad an nós imeachta i scríbhinn i bhfeidhm ó bhí mí an Mhárta 2024 ann. |

| | |
|---|---|
| | **<u>Moladh C2(14)</u>** – *Chun muinín an phobail as ionracas an phróisis cinnteoireachta a threisiú, moltar gur cheart do chigirí ráiteas a thabhairt lena ndeimhneofar go bhfuil an tuarascáil ina léiriú ar a mbreithiúnas gairmiúil le linn dóibh na tuarascálacha uathu a sheoladh chuig cruinnithe boird. Ba cheart an moladh sin a bheith mar a leanas: "Deimhním go bhfuil an tuarascáil seo ina léiriú ar mo mheasúnú gairmiúil pleanála, ar mo bhreithiúnas gairmiúil pleanála agus ar mo thuairim ghairmiúil pleanála ar an ní a sannadh dom agus nach ndearna aon duine difear, agus nár fhéach aon duine le difear a dhéanamh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, d'fheidhmiú mo bhreithiúnais ghairmiúil ar bhealach míchóir nó míchuí"*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Ó mhí Aibreáin 2023 i leith, tá an mhír sin ar áireamh i ngach teimpléad tuarascála díreach roimh shíniú an Chigire.<br><br>**<u>Moladh C2(15)</u>** – *Ba cheart don Bhord Pleanála córais bainistíochta feidhmíochta a athbhreithniú go práinneach, agus tiomantas athnuaite ann don chóras bainistíochta feidhmíochta a fheabhsú agus a neartú go mór ar fud na Stiúrthóireachta um Oibríochtaí Pleanála go háirithe. I gcomhthráth leis sin (ach ó thaobh an dearbhaithe cáilíochta de seachas ó thaobh na bainistíochta feidhmíochta de), ba cheart nós imeachta foirmiúil a chur i bhfeidhm i ndáil le tuarascálacha cigirí a thabhairt chun críche sula seolfaí iad chuig an mbord le haghaidh cinnteoireachta.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Cuireadh tú leis sin – cuireadh cruinniú le Fórsa ar siúl ag deireadh mhí Iúil 2023, tá oiliúint mhionsonraithe le cur i bhfeidhm agus tá tuilleadh cumarsáide le déanamh ag cruinnithe na Cigireachta. Tá bainistíocht feidhmíochta le cur i bhfeidhm go hiomlán ar fud na Cigireachta ar aon dul le pleananna gnó ón mbliain 2024. Tá an cur chuige i leith dearbhú cáilíochta le breithniú tar éis Stiúrthóir Pleanála nua a cheapadh.<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – De bhreis ar an bhfreagairt don tuarascáil roimhe, bhí cruinnithe ag Stiúrthóirí Pleanála Cúnta le Cigirí chun ullmhú do thimthriall an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, rud atá ina thimthriall bliantúil anois (in ionad é a bheith bainteach leis an mbreisíocht). Eisíodh ríomhphost chuig an bhfoireann, agus treoir maidir le húsáid chreat an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta sa Bhord Pleanála ag gabháil leis. |

| | | |
|---|---|---|
| 6. | Cumarsáid le Páirtithe Seachtracha lasmuigh de Bhealaí Foirmiúla Reachtúla nó de Bhealaí Riaracháin | **<u>Moladh C2(12)</u>** – *I bhfianaise an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do chothroime an phróisis pleanála dá ndéanfaí cumarsáidí le páirtithe seachtracha (lasmuigh de na bealaí caighdeánacha riaracháin nó de na bealaí foirmiúla reachtúla), ba cheart don Bhord Pleanála an creat eitice uaidh, lena n-áirítear an Cód Iompair, a nuashonrú chun a chur in iúl go mbeadh aon chumarsáidí den sórt sin do-ghlactha. Agus aird ar leith á tabhairt ar aon chumarsáid lena mbaineann réamhnochtadh aon choda substaintí de chás pleanála beo, lena n-áireofar nochtadh sula seolfaí cigire an tuarascáil uaidh/uaithi, ba cheart a chur in iúl go soiléir go bhfuil aon ghníomh den sórt sin ag teacht salach ar fhorálacha reachtúla, go mbeadh sé ina ní araíonachta agus go mbeadh sé faoi réir smachtbhannaí suntasacha.*<br><br>*Ina theannta sin, chun a chinntiú go ndéanfar cinntí pleanála i ngach cás agus tairbhe á baint as anailís pleanála neamhspleách iomlán a bheith faighte, ba cheart nós imeachta a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear cigirí ar an eolas faoi aon fhaisnéis bhreise a fuarthas chun cabhrú le cinnteoireacht an bhoird sa tréimhse tar éis sheoladh aon tuarascála pleanála. Ba cheart do chigirí an deis a bheith acu anailís a sholáthar don bhord cinnteoireachta de réir mar is gá. Ba cheart an socrú sin a chur ar áireamh sa nós imeachta cinnteoireachta i scríbhinn atá sonraithe a bheith riachtanach i Moladh 7 de Thuarascáil Chéim 1 ó Oifig an Rialálaí Pleanála.*<br><br>• <u>An Gníomh ón mBord Pleanála</u> – Tá leagan athbhreithnithe den chód iompair agus de nósanna imeachta i scríbhinn i bhfeidhm chun déileáil leis na saincheisteanna sin. |